2026/1701

13.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1701 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2026

lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hUngáire sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 328(1) agus Airteagal 331(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ([1]),

Ag féachaint don fhógra a thug an Ungáir go bhfuil sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE i litir dar dáta an 27 Bealtaine 2026, agus fuair an Coimisiún an litir an 29 Bealtaine 2026,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Aibreán 2017, thug an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gur mhian leo comhar feabhsaithe a bhunú maidir le OIPE a chur ar bun. Ina theannta sin, i litreacha an 19 Aibreán 2017, an 1 Meitheamh 2017, an 9 Meitheamh 2017 agus an 22 Meitheamh 2017 faoi seach, chuir an Laitvia, an Eastóin, an Ostair agus an Iodáil in iúl gur mhian leo a bheith rannpháirteach i mbunú an chomhair fheabhsaithe sin.

(2) An 3 Aibreán 2017, measadh gur tugadh an t-údarú chun dul ar aghaidh leis an gcomhar feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 20(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 329(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 86(1) CFAE.

(3) An 12 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

(4) An 20 Samhain 2017, tháinig Rialachán (AE) 2017/1939 i bhfeidhm.

(5) Le Cinneadh (AE) 2018/1094 ([2]) ón gCoimisiún, deimhníodh rannpháirtíocht na hÍsiltíre sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

(6) Le Cinneadh (AE) 2018/1103 ([3]) ón gCoimisiún, deimhníodh rannpháirtíocht Mhálta sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/856 ([4]) ón gCoimisiún, ghlac OIPE ar láimh a chúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh an 1 Meitheamh 2021.

(8) Le Cinneadh (AE) 2024/807 ([5]) ón gCoimisiún, deimhníodh rannpháirtíocht na Polainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

([1]) IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2018/1094 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2018 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÍsiltíre sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 196, 2.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1094/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2018/1103 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2018 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht Mhálta sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 201, 8.8.2018, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1103/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/856 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2021 lena gcinntear an dáta a ghlacfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar láimh a cúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh (IO L 188, 28.5.2021, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/856/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2024/807 ón gCoimisiún an 29 Feabhra 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na Polainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2024/807, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/807/oj).

(9) Le Cinneadh (AE) 2024/1952 ([6]) ón gCoimisiún, deimhníodh rannpháirtíocht na Sualainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

(10) An 29 Bealtaine 2026, thug an Ungáir fógra don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

(11) Le Rialachán (AE) 2017/1939, ní dhéantar aon fhoráil maidir le haon choinníoll sonrach le haghaidh rannpháirtíocht sa chomhar feabhsaithe i ndáil le bunú OIPE.

(12) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, feidhmeoidh OIPE a inniúlacht maidir le haon chion a thagann faoina inniúlacht a rinneadh tar éis an dáta a tháinig Rialachán (AE) 2017/1939 i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, i gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhua cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir leis an dara fomhír nó leis an tríú fomhír d'Airteagal 331(1) CFAE, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1939 ón dáta a shonraítear sa chinneadh lena mbaineann.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 331 CFAE, ba cheart don Choimisiún, agus rannpháirtíocht Bhallstáit i gcomhar feabhsaithe á deimhniú aige, aon bheart idirthréimhseach is gá a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha arna nglacadh cheana faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe sin.

(14) Sa litir lenar thug an Ungáir fógra don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici páirt a ghlacadh sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE, d'iarr an Ungáir go mbeadh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1939 san Ungáir ón 1 Meitheamh 2021, an dáta a ghlac OIPE ar láimh a chúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh, chun a thiomantas a léiriú maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(15) Mar a cuireadh i bhfios go láidir i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, cé go gcuireann prionsabal na deimhneachta dlíthiúla cosc, go ginearálta, ar bheart de chuid an Aontais a theacht i bhfeidhm ó phointe ama sula bhfoilseofar é, d'fhéadfadh sé a bheith difriúil ar bhealach eile i gcás ina n-éilítear amhlaidh leis an gcuspóir atá le baint amach agus ina n-urramaítear mar is cuí ionchais dhlisteanacha na bpáirtithe lena mbaineann.

(16) Is fearr a bhainfear amach an chosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais de bhun Airteagal 325 CFAE agus an feabhas ar an gcomhrac i gcoinne cionta cóiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, arb é príomhchuspóir Rialachán (AE) 2017/1939 é, má tá feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1939 san Ungáir ón 1 Meitheamh 2021, go háirithe agus é á chur san áireamh gur ghlac an Chomhairle bearta roimhe sin de bhun Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint mar thoradh ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir ([8]).

(17) Dá gcuirfí Rialachán (AE) 2017/1939 i bhfeidhm san Ungáir ón 1 Meitheamh 2021, chiallódh sé sin go mbeadh OIPE in ann a inniúlacht a fheidhmiú san Ungáir agus breithniú a dhéanamh ar imscrúduithe a thionscnamh nó a ghairm maidir le cionta a rinneadh tar éis an dáta sin, dá gcomhlíonfaí na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, áiritheoidh sé go gcuirfear tús éifeachtach le hoibríochtaí OIPE san Ungáir, ós rud é go mbeidh OIPE in ann cionta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a rinneadh san Ungáir a imscrúdú agus a ionchúiseamh gan mhoill.

([6]) Cinneadh (AE) 2024/1952 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na Sualainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2024/1952, 18.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1952/oj).

([7]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir, (IO L 325, 20.12.2022, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2506/oj).

(18) Maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2017/1939 nach bhfuil faoi réir inniúlacht OIPE cheana féin ó tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm ar dtús, ba cheart do OIPE, dá bhrí sin, a bheith in ann a inniúlacht san Ungáir a fheidhmiú, ar choinníoll go ndearnadh na cionta sin tar éis an 1 Meitheamh 2021. Is soiléir agus is iomchuí an túsphointe an dáta sin chun inniúlacht OIPE a fheidhmiú san Ungáir agus áirithítear leis deimhneacht dhlíthiúil.

(19) Tá feidhmiú inniúlacht OIPE san Ungáir maidir le cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a rinneadh tar éis an 1 Meitheamh 2021 faoi réir fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2017/1939, lena n-áirítear Airteagal 26 maidir le himscrúduithe a thionscnamh agus Airteagal 27 maidir leis an gceart easghairme.

(20) I bprionsabal, níor cheart difear a dhéanamh leis an inniúlacht sin do chinntí breithiúnacha a bhfuil feidhm *res judicata* faighte acu, lena n-áirítear iad siúd a glacadh de bharr dhul in eag na dtréimhsí teorann, ach amháin má cheadaítear leis an dlí náisiúnta is infheidhme, in imthosca áirithe, cásanna agus imscrúduithe dúnta a athoscailt.

(21) Leis an gCinneadh seo urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 49 de. Mar a cuireadh i dtábhacht i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, ceanglaítear leis an bprionsabal nach mór cionta agus pionóis a shainmhíniú ó thaobh an dlí de le forálacha an dlí choiriúil chun inrochtaineacht agus intuarthacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le sainmhíniú an chiona ná le cinneadh an phionóis araon. Ina theannta sin, ba cheart na cionta agus na pionóis a ghearrtar ina leith a shainmhíniú leis an dlí go soiléir. Mar sin féin, is rialacha de chineál nós imeachta iad na rialacha ar dá réir a dhéanann na seirbhísí ionchúisimh cásanna a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais, ar rialacha iad a bhaineann le heagrú na gcomhlachtaí sin agus leis na himeachtaí ábhartha, agus ní bhaineann siad le cionta agus pionóis a shainmhíniú. Dá bhrí sin, ní thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 49 den Chairt. Níl aon athrú ar rialacha substainteacha ábhartha an dlí choiriúil, atá i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), mar a thrasuitear i ndlí na hUngáire iad, agus ní dhéantar difear dóibh leis an gCinneadh seo.

(22) Ba cheart a ndóthain ama a bheith ag údaráis na hUngáire, ag an gComhairle agus ag OIPE chun an obair ullmhúcháin a chur i gcrích is gá chun a chur ar a chumas do OIPE oibriú go héifeachtach sa tSualainn. Go háirithe, ba cheart do OIPE a bheith in ann tús a chur go pras lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla san Ungáir, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe trasteorann, go háirithe trí imscrúduithe a thionscnamh, más gá i ndiaidh tuairiscí a fháil ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ó údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, nó trína cheart easghairme a fheidhmiú. Chuige sin, ní mór ar a laghad an tIonchúisitheoir Eorpach ón Ungáir a cheapadh, ionchúisitheoir a d'fhéadfadh, i gcásanna eisceachtúla, cinneadh réasúnaithe a dhéanamh an t-imscrúdú a dhéanamh go pearsanta, i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2017/1939. Ionas nach dtabharfar fógraí do OIPE nuair nach mbeidh sé in ann déileáil leo nó go mbeidh na teorainneacha ama sin caite, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagail 24 go 27 agus Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2017/1939 san Ungáir ón bhfichiú lá tar éis an tIonchúisitheoir Eorpach ón Ungáir a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin. Ina theannta sin, féadfaidh OIPE agus údaráis inniúla na hUngáire teacht ar chomhaontú maidir le módúlachtaí sonracha, amhail fógraí scaipthe, chun an oibleagáid a chomhlíonadh OIPE a chur ar an eolas gan moill mhíchuí nuair a thionscain na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó forfheidhmithe dlí imscrúduithe ar chionta coiriúla a d'fhéadfadh teacht faoi inniúlacht OIPE agus a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, chun a chur ar a chumas do OIPE a cheart easghairme a fheidhmiú go héifeachtach laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2017/1939.

(23) Le teacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, is iad na Ballstáit sin nach mbeidh rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1939, agus na Ballstáit sin amháin, na Ballstáit sin nach mbeidh rannpháirteach i mbearta arna nglacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de bhua an dlí phríomha. Mar thoradh air sin, scoirfidh Rialachán (AE) 2017/1939 de bheith ina ghníomh arna ghlacadh faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe agus beidh sé ina ghnáthghníomh de dhlí an Aontais, agus dá bhrí sin ina chuid den *acquis*.

([9]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deimhnítear rannpháirtíocht na hUngáire sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.

Airteagal 2

(1) Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1939 san Ungáir maidir le haon chion a thagann faoi inniúlacht OIPE a rinneadh tar éis an 1 Meitheamh 2021.

(2) Beidh feidhm ag Airteagail 24 go 27 agus ag Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2017/1939 san Ungáir ón bhfichiú lá tar éis an tIonchúisitheoir Eorpach ón Ungáir a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin.

(3) Chun feidhmiú éifeachtach an chirt easghairme a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh OIPE agus údaráis inniúla na hUngáire comhaontú ar mhódúlachtaí sonracha le haghaidh na bhfógraí de bhun Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, a mhéid a bhaineann le cionta a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN